



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhlianntúil 2011



Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) an 25 Márta, 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí cóipcheart ábhar an doiciméid seo de bhun alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a thairgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan chead shainráite ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Ceadaitear úsáid a bhaint as an tuarascáil seo saor in aisce chun criocha oideachasúla.

Clár Ábhair

Rannán 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta	5
3. Réamhrá	8
4. Achoimre ar theagmhais na bliana 2011	9
5. Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh in 2011	10
6. Sampla de chásanna a foilsíodh in 2011	13
7. Comparáid idir taismí muirí sa tréimhse 2002 - 2011	14
8. Treoghluaiseachtaí Básanna 2002-2011	15

Rannán 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011	17
--	----

Tá leagan Gaeilge den Tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Bhoird, www.mcib.ie, nó de bhun iarratais ar Rúnaí an Bhoird.

Ráiteas an Chathaoirligh



John G. O'Donnell, B.L.
Cathaoirleach

A Aire a chara,

I gcomhlíontas na gceangal san Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a lmscrúdú), 2000, is cúis mhór shásaimh dom an naoú Tuarascáil Bhliantúil den Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM), a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011 a chur ar fáil.

Forléargas ar an mbliaín 2011

Tá lón na ndaoine a cailleadh i mbliana i dtaismí muirí i bhfad níos lú ná an lón in 2010; seachtar ina n-iomláine a cailleadh, an méid básanna ab ísle in aghaidh na bliana a taifeadadh ó bunaíodh an BITM. Cé go gcuirtear fáilte roimh an laghdú ar bhásanna ar muir, tá daoine á gcailleadh i gcónaí i dtaismí muirí. Mar ab amhlaidh riamh is féidir lón teagaisc a bhaint as ar tharla sna teagmhais sin chun a macasamhail a sheachaint san am amach romhainn.

Bhí bunús na ndaoine a cailleadh in 2011 gafa le tionscal na hiascaireachta. Rud suntasach a bhaineann leis na tragóidí sin arbh fhiú a aibhsíú is ea gur féidir básanna a sheachaint trí Fheistí Pearsanta Snámha (FPS) a chaitheamh agus is fiú béim a leagan ar a thábhachtaí is atá siad.

I gcomparáid leis an mbliaín seo caite bhí i bhfad níos lú teagmhas a raibh árthaigh áineasa páirteach iontu. Díobh sin bhí dhá theagmhas inar chaill duine a bheatha. Tá sé chomh maith againn a rá freisin nach raibh aon cheist faoi éadach FPS a bheith á chaitheamh sna teagmhais áirithe sin. B'fhéidir an tátal a bhaint as sin go bhfuil seasmhacht agus treisiú leanúnach san fheabhas a thug BITM faoi deara maidir le cloí le caighdeán sábháilteachta in earnáil na n-árthach áineasa anuraidh. Is mór an buntáiste FPS a chaitheamh dar le BITM agus moltar an nós sin go láidir i gcónaí; tugaimid dár n-aire cé go bhfuil ceangal dlíthiúil in imthosca áirithe FPS a chaitheamh gur cheart go luífeadh an nós le nádúr gach duine a úsáideann árthach áineasa.

Bunaíodh an BITM tá sé 10 mbliana ó shin agus i rith an ama sin d'fhoilsigh an Bord 155 tuarascáil agus rinne moltaí a chuidigh go mór le bás daoine ar farraige a sheachaint. Tá sé tugtha faoi deara ag an mBord go bhfuil treogluaise-achtaí, ar díol fáilte iad, ag teacht chun cinn go háirithe úsáid seaicéad tarrthála agus FPSanna. Tugann an Bord faoi deara freisin go bhfuil méadú ar na teagmhais a bhfuil tomhantas alcóil i gceist le linn d'árthach bheith ar muir, agus molann feachtas oideachais a chur chun cinn le contúirt ól alcóil ar muir a chur in iúl dóibh siúd atá gafa le gníomhaíochtaí mara.

Ó bunaíodh an Bord i 2002, tá sé tugtha faoi deara aige gurbh i dtionscal na hiascaireachta a tharla thart ar 40% in aghaidh na bliana ar an meán de na básanna uile. Tá sé sin i bhfad ró-ard agus cé go n-ainthníonn an Bord gur obair chrua agus chontúirteach atá san iascaireacht, gur cheart níos mó a dhéanamh chun lón na dtragóidí a laghdú.

Le 10 mbliana anuas cuireadh córais rialúcháin fheabhsaithe i bhfeidhm maidir le córais sábháilteachta muirí in Éirinn go háirithe in earnáil na hiascaireachta. Bhí na córais sin an-éifeachtúil agus is mian liom an tAire a spreagadh chun níos mó a dhéanamh ar bhonn leanúnach ó thaobh sábháilteachta árthach iascaireachta de agus chun caighdeán sábháilteachta cosúil leis sin san lóslainn nár tharla bás ar bith inti a bhaint amach anseo.

Imscrúduithe Seachtracha Taismí

Ba é painéal seachtrach imscrúdaitheoirí an Bhoird a rinne na himscrúduithe uile ar thaismí. Pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu a leithéidí ailtíri cabhlaigh, innealtóirí muirí nó oifigigh dheice atá ar an bpainéal agus is fairsing an taithí agus an inniúlacht atá acu ar chúrsaí muirí.

Tuarascálacha a foilsíodh in 2011

D'fhoilsigh an Bord 15 Thuarascáil Chríochnaitheacha in 2011 agus tá achoimre orthu sin ar leathanaigh 10-12.

Teagmhais in 2011

Chuir an Bord túis le himscrúduithe ar 13 theagmhas in 2011; déantar achoimre ar shonraí na dteagmhais sa tábla thíos.

Tá achoimre ar na dteagmhas uile leagtha amach ar leathanach 9. Tharla cúig cinn de na teagmhais san earnáil áineasa agus sé cinn i dtionscal na hiascaireachta. Chomh maith leo sin bhain teagmhas amháin le long lasta ghinearálta agus bhain ceann eile le long lasta baile.

Earnáil	Teagmhais	Dul faoi uisce	Básanna	Gortuithe
iascaireachta	6	3	5	Náid
Lasta	2	Náid	Náid	Náid
Áineasa	5	1	2	Náid
lomlán	13	4	7	Náid

Árthaigh lascaigh

Bhain sé theagmhas le hárthaigh iascaigh; cailleadh daoine dá bharr sa chuid is mó díobh.

- Báthadh ball criú nuair a d'iompaigh árthach ar a béal fúithi i gCuan Chorcaí in Eanáir 2011.
- Báthadh ball criú nuair a d'iompaigh árthach ar a béal fúithi agus chuaigh faoi uisce in Inbhear na Siúire, Co. Phort Láirge i mí na Feabhra 2011.
- Báthadh 2 bhall criú nuair a chuaigh árthach ar iarraidh amach ó Chuan na Sceirí, Baile Átha Cliath in Aibreán 2011.
- Chaill ball criú a bheatha le linn do líonta iascaigh a bheith á scaoileadh amach san fharraige ó árthach amach ó Oileán Achill, Co. Maigh Eo i mBealtaine 2011.
- Tarrtháladh seisear ball criú ó árthach a throchlaigh agus a chuaigh faoi uisce amach ó Chionn Mhálanna, Co. Dhún na nGall i mí Dheireadh an Fhómhair 2011.
- Chuaigh árthach faoi uisce agus níorbh fholáir triúr ball criú a tharrtháil amach ó Chuan Dor, Co. Chorcaí i mí na Nollag 2011.

Árthach Áineasa

Tharla cúig theagmhas san earnáil áineasa; cailleadh daoine dá bharr in dhá cheann acu.

- Tarrtháladh seisear páistí agus a dteagascóir a bhí i gcrúachás le linn dóibh bheith ag cadhaiceáil amach ó Cheann Chlochair, Co. Lú i mí na Bealtaine 2011.
- Chuaigh árthach beag slatiascaireachta ar a béal fúithi i Loch Measca agus báthadh duine amháin.
- Tarrtháladh triúr ón fharraige nuair a chuaigh árthach trí thine agus faoi uisce i gCuan Chorcaí i mí Iúil 2011.
- Chuaigh luamh ar a béal fúithi amach ó Dhún na Séad, Iarthar Chorcaí i rith Rás na Carraige Aonair i Lúnasa 2011 agus níorbh fholáir 21 bhall criú a tharrtháil. Bhí seacíead tarthála á chaitheamh ag an gcriú uile.
- Fuair fear amháin bás i ndiaidh dó titim thar bord Báidín amach ó Phointe Dhún na nGall, Cill Chaoi, Co. an Chláir i mí Dheireadh an Fhómhair 2011.

Árthaigh Lasta

Bhain dhá theagmhas le hárthaigh lasta; níor cailleadh duine ar bith dá bharr sa dá chás.

- Chuaigh long lasta ginearálta amháin ina suí ar chladach i gCuan Chasla, Co. na Gaillimhe i Mártá 2011.
- Thuil an uisce isteach in árthach lasta baile amach ón gcósta ag Ceann Sléibhe, Co. Chiarraí i mí Lúnasa 2011 agus níorbh fholáir roinnt caorach a chaitheamh thar bord dá bharr.

Déanann an Bord comhbhrón leo siúd uile ar maraíodh a muintir orthu sna teagmhais sin.

Tá mion cur síos ar na teagmhais a tharla sna blianta ó 2002 go 2011 ar leathanach 14 den tuarascáil seo. Anseo thíos tá achoimre ar na teagmhais uile sna blianta sin.

	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Básanna	7	12	14	8	10	17	9	6	18	7
Gortuithe	2	2	2	náid	1	2	náid	náid	2	náid
Árthaigh lena mBaineann	9	18	17	11	12	20*	10	6	18	12**

*Fágtais as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Gealta Bád Dhún Laoghaire i 2007 a bhain le go leor bád beag, báidíní calaídh agus bád dochtais (BDI)

**Fágtais as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Ceann an Chloichir in 2011 a bhain le go leor cadhaiceanna agus páistí

Airgeadais

De réir thaifead an Bhoird don bláin airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2011 bhí farasbarr oibriúchán de €25,803, agus dá thoradh sin farasbarr carntha de €29,799 sna blianta 2002 – 2011. Leagtar amach ráitis airgeadais lániniúchta ar leathan-aigh 19 go 27 den Tuarascáil seo.

Ceanglais Nua an AE

Tá sé anois de cheangal ar BITM imscrúduithe a dhéanamh ar bhásanna atá laistigh de raon feidhme na reachtaíochta Eorpáí nua¹ a tháinig in éifeacht in 2011 agus iad a thuairisciú don AE. Cé go bhfuil curtha go mór le hualach oibre an BITM mar gheall air sin, meastar gur i bhfoirm cheangal tuairiscithe don AE a bheidh bunús na hoibre breise de bhrí go bhfuil na himscrúduithe uile a bheidh laistigh de raon feidhme na reachtaíochta nua taobh istigh de raon feidhme Acht na bliana 2000 cheana féin.

Tacaíonn Treoir an AE le cur chun feidhme Cód IMO (Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta) um Imscrúduithe Sábhálteachta i gcás Taisme Muirí nó Teagmhas Muirí. Tháinig an Cód i bhfeidhm an 1 Eanáir 2010.

Eitic in Oifigí Poiblí

I gcaitheamh na bliana 2011 chomhlíon comhaltaí uile an Bhoird na forálacha agus na ceangail infheidhme sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Admhálacha


Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mbord as dícheall na hoibre comhsheasmhá a rinne siad in 2011 agus nár bhféidir aon rath bheith ar obair an Bhoird dá huireasa.

Ní mór obair na Rúnaíochta a admháil freisin; níorbh fhéidir don Bhord feidhmiú gan scileanna agus taithí oibre na foirne inti. Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil leo thar ceann an Bhoird as a dtiomantas agus as an obair chrua a rinne siad d'ainneoin a dhúshlánaí is a bhí an comhshaol agus a ghainne is a bhí na hacmhainní. Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil go háirithe le Kieran Baker, atá athshannta anois, as an obair chrua uile a rinne sé mar Rúnaí an Bhoird.

Fáiltímid roimh ceapachán Helen Conway don Rúnaíocht i rith na bliana. Tá Helen ag teacht i gcomharba ar Kieran mar Rúnaí agus táimid buíoch as an tacaíocht agus as an cúnamh uile a thug sí dúinn.

Níorbh fhéidir aon chuid den obair a dhéanamh d'uireasa phainéal éifeachtach na n-imscrúdaitheoirí againn agus ba mhaith liom mo bhúiochas a chur i bhfocal as an dícheall a rinneadar le linn dóibh Tuarascálacha a thairgeadh i rith na bliana.

Ar deireadh thiar ba mhaith liom a chur ar taifead gur mór agam an cúnamh a thug an tAire agus a oifigigh don Bhord i rith na bliana 2011.



JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CATHAOIRLEACH,

¹ Treoir 2009/18/CE lena mbunaitear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú taismí san earnáil iompar muirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle—ar tugadh éifeacht dóibh i nDíl na hÉireann trí I.R. Uimh. 276 de 2011 Rialachán na gComphobal Eorpach (Loingis Cheannaíochta) (Taismí Muirí a imscrúdú) 2011.

Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta



Cathaoirleach:
John G. O'Donnell, B.L.



Leaschathaoirleach
Thomas R. Power



Comhalta Boird:
**Sinéad Brett, B.C.L., LL.M.,
Atuarneae**



Comhalta Boird:
**Brian Hogan,
Priomhshuirbhéir,
An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Jurgen Whyte,
Priomhchigire maidir le
hAerthionóisci,
An tAonad um Imscrúdú
Aerthionóisci (AIAT),
An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt**

Rúnaí: Helen Conway

Rúnaíocht: Evelyn Reddin

Oifig Chláraithe: Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 - 6783485

Faics: 01 - 6783493

Ríomhphost: info@mcib.ie

Súiomh Idirlín: www.mcib.ie

Iniúchóirí: An tArd-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
Foирgneamh an Státhchiste,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

Seo a leanas roinnt faisnéis ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Feidhm an Bhoird

Is é an fheidhm atá ag BITM imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá siad sainithe in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM a fheidhmeanna a fheidhmiú comhlíonann sé forálacha Chód Imscrúdú Taismí Muirí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn imscrúdú tionóiscí san earnáil iompar muirí. Tugann I.R. Uimh. 276 de 2011 éifeacht do Threoir 2009/18/CE i nDlí na hÉireann.

Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:

- (a) bás nó tromghortú duine;
- (b) duine a chailleadh thar bord;
- (c) caillteanas suntasach nó tráchur nó díobháil d'árthach nó do mhaoin, nó imbhualadh le hárthach nó le maoin; nó
- (d) díobháil shuntasach don

chomhshaol i ndáil le hoibriúchán:

- (i) árthach in uiscí na hÉireann;
- (ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó
- (iii) árthach atá suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is córaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhla le huiscí na hÉireann.

Is é an cuspóir atá le gach imscrúdú:

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. An taisme mhuirí a thuairisciú d'fhoinn moltaí a dhéanamh maidir le conas a macasamhail de thaismé mhuirí a sheachaint.

Tá sé tábhachtach go dtabharfar faoi deara NACH chun milleán nó chun locht a fháil ar dhuine ar bith a dhéantar imscrúdú. Tá an Bord neamh-ionchúiseach. Aon ionchúiseamh a eascaíonn as aon taisme is feidhm sin a bhaineann le Comhlachtaí Reachtúla, i.e. An Garda Síochána, etc.

Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleáach é an BITM atá maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil dheireanach ar gach imscrúdú chuit ag Aire le go mbreithneoidh sé na moltaí a dhéantar ann. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar iarratas) saor in aisce nó is féidir iad a fháil ag suíomh idirlín BITM ag www.mcib.ie.

Imscrúduithe & Tuarascálacha 2011



Marine Casualty Investigation Board
Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

Réamhrá

Ó bhliain a bhunaithe i 2002 agus uaidh sin ar aghaidh go deireadh 2011 d'fhoilsigh an Bord tuarascálacha ar chéad agus caoga cúig chás.

Léiríonn na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaigh a bhain le gach teagmhas agus an chúis a bhí leis agus tugann léargas ar raon feidhme agus ar obair an Bhoird don léitheoir. Go dtí seo coinníodh leagan amach comhsheasmhach ar na formáid tuairiscithe d'fhoinn comparáid le teagmhais agus le tuarascálacha na mblianta roimhe seo a éascú. Ní mór a rá áfach go gcaithfear roinnt athruithe a dhéanamh ar an bhformáid sin de bharr reachtaíocht nua an AE2 a tháinig in éifeacht i mbliana agus go mbeidh siadsan ina ndlúthchuid de na tuarascálacha amach anseo.

Foilsítear gach tuarascáil ar shuíomh idirlín an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá méid teoranta díobh ar fáil i bhformáid pháipéisí ach iarratas a chur chuig an Rúnaíocht.

² Treoir 2009/18/CE lena mbunaitear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrídú taismí san earnáil iompar muiri agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle—ar tugadh éifeacht di i nDlí na hÉireann trí I.R. Uimh. 276 de 2011 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingis Cheannaíochta) (Imscrídú Taismí Muiri) 2011.

Achoimre ar Theagmhais na Blíana 2011

1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA AN TEAGMHAIS	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA
Carraig an Iasc	20 Eanáir 2011	Árthach lascaigh < 15m	Bá	Le linn di an cúrsa a athrú iombhádh an t-árthach, chuaigh sí faoi uisce agus fágadh an dá bhall criú san uisce.	1
Na Buachailli	18 Feabhra 2011	Árthach lascaigh <15m	Bá	Chuaigh árthach ina rabhthas ag iascach diúiliciní in Inbhear Phort Láirge ar a béal fúithi agus faoi uisce agus báthadh an ball criú.	1
Pantanal	31 Mártá 2011	Long Lasta Ginearálta	Dul ina suí	Chuaigh an t-árthach ina suí ar chladach i gCuan Chasla, Co. na Gaillimhe.	0
Lady Linda	1 Aibreán 2011	Árthach lascaigh <15m	Bá	Chuaigh an t-árthach ar iaraidh agus fuarthas ina dhiaidh sin í ar a béal fúithi amach ó Cheann an Chloichir, Co. Lú. Báthadh an dá bhall criú.	2
Árthach slatias-caireachta neamhainmnithe	8 Bealtaine 2011	Bád Slatiascrai-reachta Oscailte	Marfach lompú béal fúithi	Báthadh duine dióbh sin a bhí ar bord nuair a iombhádh bád slatiascrai-reachta a chuaigh ar a béal fúithi le linn drochaimsire ar Loch Measca.	1
Mark Amay II	10 Bealtaine 2011	Árthach lascaigh > 24m	Marfach Fear thar Bord	Báthadh ball criú tar éis dó bheith tarraigthe thar bord ag líon iascaigh amach ó Oileán Achill, Co. Mhaigh Eo.	1
Cadhaiceanna Neamhainmnithe	26 Bealtaine 2011	Árthach Áineasa – canú/cadhaic	lompú béal fúithi	Tarrtháladh na daoine a bhí iontu ón uisce tar éis dá gCadhaiceanna a iompú ar a mbéil fúthu in aimsir gharbh amach ó Cheann an Chloichir, Co. Lú.	0
Claire Buoyant	1 Lúnasa 2011	Long Lasta Bád Oibre/Báirse	Tuile	Thuil an uisce isteach san árthach lasta agus níorbh fholáir roinnt caorach a chaitheamh thar bord dá bharr amach ón gCósta ag Ceann Sléibhe, Co. Chiarraí	0
Rambler 100	15 Lúnasa 2011	Árthach Áineasa Seol	lompú béal fúithi	Chuaigh luamh ar a béal fúithi amach ó Dhún na Séad, Iarthar Chorcaí agus níorbh fholáir na baill chriú a tharrtháil.	0
Jem	21 Lúnasa 2011	Árthach Áineasa Mótar	Dul faoi uisce	Chuaigh árthach trí thine agus faoi uisce i gCuan Chorcaí. Tarrtháladh an triúr ball criú.	0
Amy Jane	7 Deireadh Fómhair 2011	Árthach lascaigh 15-24m	Dul faoi uisce	Bhí tuile i mbolg pota an árthaigh agus throchlaigh sí agus chuaigh faoi uisce. Tarrtháladh na baill chriú uile.	0
Báidín Neamhainmnithe	5 Samhain 2011	Árthach Áineasa Mótarbhád Mear/BDI	Marfach Fear thar Bord	Báthadh an duine a bhí ar bord nuair a d'iompaigh an t-árthach ar a béal fúithi.	1
Jeanette Roberto	11 Nollaig 2011	Árthach lascaigh < 15m	Dul faoi uisce	Tarrtháladh triúr ball criú nuair a chuaigh a n-árthach faoi uisce amach ó Chuan Dor, Co. Chorcaí.	0
Líon iomlán na dteagmhais: 13					Iomlán na mBásanna: 7

Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh in 2011

1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

AINM AN ÁRTHAIGH'NÓ AN TEAGMHAIOS	DÁTA AN FHOILSITHE	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIOS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN TEAGMHAIOS
Carraroe Fatality	14 Eanáir 2011	Árthach Áineasa mótar	Fear thar Bord	Báthadh an duine a bhí ar bord le linn dó bheith ag iascaireacht in aice na Ceathrún Rua.	Bhásaigne duine amháin	Níorbh fhéidir cúis an bháis a dhéanamh amach go cinnte.
Duggies Pride	14 Feabhra 2011	Árthach Áineasa – bád oscailte	Bá	Chuaigh an t-árthach faoi uisce ag Rinn na Binne, Ross Láir, Co. Loch Garman agus bhásaigne duine amháin dá bharr	Bhásaigne duine amháin	Bhí an t-árthach ag snámh agus dhá easna aici os cionn uisce, rud a lig don uisce teacht isteach tríd an gcabail. Bhí poill draenála log an transaim ar an leibhéal céanna.
Kindred Star II	24 Márta 2011	Árthach lascaigh < 15m	Dul faoi uisce	Tarrtháladh iascaire aonair amach ó chósta Oirthir Chorcaí nuair nárbh fhéidir smacht a fháil ar thuile i seomra an innill ina árthach.	Bás ar bith	Loiceadh ar an gcónasc ar chuid de phíobanra solúbtha a bhí feistithe ar an taobh amach den seaicéad fuarthán ar thaobh uisce an tsáile den fhuaraitheoir. rud a d'fhág go raibh caidéal uisce an phríomhinnill fhuaraithe sáile in ann a phumpáil díreach isteach i seomra an innill.
Clodagh River	26 Aibreán 2011	Árthach Áineasa – canú/cadhaic	Bá	Báthadh beirt chadháiceoirí nuair a chuaigh siad i síann i gcora ar Abhainn an Chladaigh i bPort Láth, Co Phort Láirge.	Bhásaigne beirt	Meastar gur tharla an teagmhas de bharr oiliúna easnamhaí na gcadháiceoirí agus dhearadh na cora féin chomh maith le cúiseanna éagsúla eile.
MFV Janireh	2 Meitheamh 2011	Árthach iascaigh 15-24m	Marfach Fear thar Bord	Tráth a raibh an t-árthach i mbun oibre siar ó dheas ó Charn Uí Néid, Co. Chorcaí bhí deacraithe leis an trealamh tráil. Agus iarracht á déanamh í a réiteach thit ball criú thar bord.	Bhásaigne duine amháin	An rud is dóighíúil is ea gur baineadh dá chothrom an ball criú le linn dó bheith ina sheasamh ar líonta a bhí stuáltá in araid an bhoird chlé agus an t-aon chos aige ag fáil taca ón ráille tráth a raibh sé ag iarraidh codanna den trealamh tráil a bhí i dtranglam a scaoileadh. Ní raibh FPS á chaitheamh ag an mball criú.
Castletown-shend	9 Meitheamh 2011	Árthach Áineasa – canú/cadhaic	Marfach Fear thar Bord	Bhásaigne cadháiceoir amach ó Bhaile an Chaisleáin, Iarthar Chorcaí, Éire.	Bhásaigne duine amháin	Níorbh fhéidir cúis an bháis a dhéanamh amach go cinnte.

AINM AN ÁRTHAIGH NÓ AN TEAGMHAIS	DÁTA AN FHOILSITHE	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN TEAGMHAIS
Quo Vadis	16 Meitheamh 2011	Árthach Aineasa mótar	Bá	Bádh beirt a bhí ag iarraidh teacht ar bord árthaigh dá gcuid in athuair amach ó Inis Bó Finne.	Bhásaigne beirt	Ba chomhchumasc é d'aistriú a bhíothas á dhéanamh istoíche ó bhád freastail beag inséidte go dtí árthach a bhí ag luascadh ag áit a feistithe agus b'fhéidir tuirse agus laghdú ar an gcumas feidhmithe daonna toisc alcól a bheith tomhailte.
Léim an Bhrádain	20 Iúil 2011	Árthach iascaigh < 15m	Dul faoi uisce	D'iompaigh árthach ar a béal fúithi agus chuaigh faoi uisce amach ó Chósta Thuaisceart Mhaigh Eo. Tarrtháladh beirt.	Bás ar bith	Ba leor comhchumasc d'éifeacht neamhshrianta an uisce ar an deic, de lasta a bhí ag bogadh agus den mhíchthromas a raibh na potaí a bhí á dtarraingt ag cruthú le cumas féin-cheartaithe an árthaigh a shárú agus lena hiompú ar a béal fúithi. Chuaigh an t-árthach faoi uisce go scioththa toisc nach raibh aon bhuacacht dhílis inti.
Jennifer	22 Iúil 2011	Árthach iascaigh 15m	Bá	Chuaigh árthach faoi uisce amach ó chósta Thuaisceart Dhún na nGall agus cailleadh beirt bhall criú dá bharr.	Bhásaigne beirt	Meastar gur dóigh go ndeachaigh siota gaoithe nó suaitheadh toinne nó comhchumasc den dá rud i bhfeidhm ar an árthach agus gurbh shin a chuir faoi deara gur shín sí go huillinn thairis an oiread a raibh ar a cumas teacht chuici féin arís as toisc an t-ualach a bhí á iompar aici is gur iompaigh sí agus gur chuaigh sí faoi uisce dá bharr.
Cullenstown	26 Lúnasa 2011	Árthach Áineasa – bád oscailte	Bá	D'iompaigh bád oscailte ar a béal fúithi amach ó Thrá Bhaile Uí Choileáin, Co. Loch Garman agus bhásaigne duine amháin dá bharr.	Bhásaigne duine amháin	Méid an bháid, an dorchadas, an drochaimsir, sruth na taoide, an trealamh iascaigh agus gach trealamh sábháilteachta seachas seaicéad tarthála a bheith in easnamh, ba comhchumasc diobh sin uile anuas ar a chéile a mhéadaigh an chontúirt agus a laghdaigh seans an mharthanais.
Ainmire	26 Lúnasa 2011	Árthach iascaigh 15-24m	Dul faoi uisce	Tarrtháladh cúigear ball criú nuair a chuaigh árthach faoi uisce ag Butt of Lewis, Albain.	Bás ar bith	Tháinig tuile mhór sháile go tobann isteach i seomra innill an árthaigh. Níorbh fhéidir áfach a bheith deimhnitheach faoi cad ba fhoinsé don tuile isteach. An áit a bhí an caidéal ruma suite faoi bhun na blátháilí ba chúis leis gur sceitheadh an t-uisce isteach ann agus nach raibh sé in ann a fheidhmiú.

AINM AN ÁRTHAIGH' NÓ AN TEAGMHAIS	DÁTA AN FHOILSITHE	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/ BÁSANNA	CÚIS AN TEAGMHAIS
Jem	22 Samhain 2011	Árthach Áineasa Mótar	Dul faoi uisce	Tharla tine ar an árthach agus chuaigh sí faoi uisce ar deireadh thiar i gCuan Chorcaí. Tarrtháladh an triúr ball criú.	Bás ar bith	Braon peitil anuas ón inneall seachbhoird i ruma an árthaigh nuair a dúisíodh priomhinnéall an árthaigh ba ea ba chúis leis an tine.
Oileán Dheilginse	22 Samhain 2011	Árthach Áineasa – oscailte	Bá	Tógadh corpán fir a chonacthas níos luaithe ag iomramh i mbád oscailte as an fharraige ag Oileán Dheilginse, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.	Bhásáigh duine amháin	Níorbh fhéidir a dhéanamh amach go cinnte céard ba chúis leis an teagmhas.
Loch Measca	22 Nollaig 2011	Árthach Áineasa – Bád Slatiascaireachta Oscailte	Bá	Báthadh duine díobh sin a bhí ar bord nuair a iombhádhus agus nuair a d’iompaigh bád slatiascaireachta ar a béal fúithi i ndrochaimsir ar Loch Measca.	Bhásáigh duine amháin	Cuireadh faisnéis na haimsire agus teagasc teoranta sábháilteachta ar fáil sular chuир an bhád chun farraige.
Carraig an Iasc	22 Nollaig 2011	Árthach lascaigh <15m	Bá	Le linn di a cursa a athrú iombhádhus an t-árthach, chuaigh sí faoi thoinn agus fágadh an bheirt bhall criú san uisce.	Bhásáigh duine amháin	Is dóigh gur shiota gaoithe nó suaitheadh toinne nó comhchumasc den dá rud a chuir faoi deara go ndeachaigh an t-árthach lastálite faoi uisce.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haon cheann de na teagmhais a ndearnadh imscrídú orthu téigh le do thoil go dtí an suíomh idirlín, www.mcib.ie.

Sampla de Chásanna a Foilsíodh in 2011

1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

Is mian leis an mBord aird faoi leith a tharraingt ar na trí thuarascáil a leanas a foilsíodh in 2011.

TIMPSTE MARFACH AR ABHAINN AN CHLADAIGH, CO. PHORT LÁIRGE AN 7 AIBREÁN, 2010



An 7 Aibreán, 2010 chuaigh triúr fear isteach san uisce i gcadhaiceanna ag Eastát an Churraigh Mhór i mBaile an Fhaoitigh, Port Láirge agus cheaslaigh síos an abhainn go dtáinig go dtí an chora ag Port Lách.

Le linn dóibh iarracht a dhéanamh na cadhaiceanna a stiúradh tríd an gcora, cailleadh beirt acu. Cuirtear cúiseanna éagsúla i leith an teagmhais mar atá oiliúint easnamhach na gcadhaiceoirí agus an chora féin nár bhféidir éalú aisti gan bhaoi tarthála agus/nó gan fáil ar dhréimire toisc an chaoi a raibh sí leagtha amach.

BÁS BEIRTE AMACH Ó INIS BÓ FINNE, CO. NA GAILLIMHE AN 10 DEIREADH FÓMHAIR 2010



Ar maidin moch an 10 Deireadh Fómhair 2012, cailleadh beirt fear le linn dóibh iarracht a dhéanamh an mótar-luamh "*Quo Vadis*", a bhí feistithe i gCuan Inis Bó Finne, Inis Bó Finne, Co. na Gaillimhe, a bhordáil.

An rud is dóighiúil is ea go raibh comhchumasc de chúiseanna leis na básanna mar atá an t-aistriú a bhíothas á dhéanamh istoíche ó bhád beag freastail inséidte go dtí árthach a bhí ag luascadh ag áit a fheistithe agus b'fhéidir tuirse agus laghdú ar an gcumas feidhmithe daonna toisc alcól a bheith tomhailte sna huaireanta roimhe sin tráth a rabhthas ag déanamh cuideachta istír.

BÁS BEIRTE AMACH Ó GHLEANN GAD, CIONN MHÁLANNA, DÚN NA NGALL AN 1 SAMHAIN 2010



An 1 Samhain 2010 d'fhág beirt fear baile ag Ross Head, Gleann Gad, Co. Dhún na nGall agus thaistil ar bóthar go dtí an F.V. "*Jennifer*" ag Cé Portmore, Cionn Mhálanna d'fhoinn potaí portáin a aistriú ón áit a raibh siad san fharraige go dtí Gleann Gad.

Go gairid ina dhiaidh sin chuaigh an t-árthach faoi uisce agus ina dhiaidh sin fuarthas corpáin na beirte fear. Is beag eolas atá ar fáil faoi cad ar tharla sna nóiméid direach roimh an teagmhas ach cibé rud a tharla caithfidh gur tharla sé go tobann agus gan foláireamh. Meastar gur dóigh gur shiota gaoithe nó suaitheadh toinne nó comhchumasc den dá rud a chuaigh i bhfeidhm ar an "*Jennifer*" agus gurbh shin a chuir faoi deara gur shín an t-árthach go huillinn thairis sin a raibh ar a cumas teacht chuici féin arís as toisc an t-ualach a bhí á iompar aici is gur iompaigh sí agus gur chuaigh sí faoi uisce dá bharr.

Comparáid idir Básanna Muirí 2011-2012

Cineál an Árthaigh	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Longa/Báid Phaisinéara										
Ro-Ro Idirnáisiúnta						Bhásaign 1/ Gortaiodh 1	Bhásaign 1			
Baile				Bhásaign 2				Bhásaign 1		
Bád Paisinéara	Bhásaign 5									
Fo-iomlán	Bhásaign 5			Bhásaign 2		Bhásaign 1/ Gortaiodh 1	Bhásaign 1	Bhásaign 1	Bás ar bith	Bás ar bith

Longa Lasta

Longa Lasta Ginearálta		Bhásaign 1				Bhásaign 1				
Lasta Ro-Ro		Bhásaign 1								
Tancaer		Bhásaign 2/ Gortaiodh 1								
Olliomprór			Gortaiodh1							
Long Choimeádán		Bhásaign 1								
Iomprór Caranna										
Bád Oibre Bád Píolóta/Báirse/										
Árthach Ardaithe Mórmeá-chain										
Fo-iomlán		Bhásaign 5/ Gortaiodh 1	Gortaiodh 1			Bhásaign 1	Bás ar bith	Bás ar bith	Bás ar bith	Bás ar bith

Árthaigh lascaigh

< 15 mhéadar		Bhásaign 1	Bhásaign 1	Bhásaign 3	Bhásaign 5	Bhásaign 3	Bhásaign 2		Bhásaign 2	Bhásaign 4
15 - 24 mhéadar			Bhásaign 4		Bhásaign 2	Bhásaign 9	Bhásaign 1		Bhásaign 1/ Gortaiodh 1	
> 24 mhéada	Bhásaign 1	Bhásaign 1	Bhásaign 1				Bhásaign 1			Bhásaign 1
Fo-iomlán	Bhásaign 1	Bhásaign 2	Bhásaign 6	Bhásaign 3	Bhásaign 7	Bhásaign 12	Bhásaign 4	Bás ar bith	Bhásaign 3 Gortaiodh 1	Bhásaign 5

Árthach Áineasa

Feithiclí Scairdsciála		Bhásaign 1	Gortaiodh 1		Bhásaign 1	Bhásaign 1				
Báid Oscailte/Canú	Bhásaign 1	Bhásaign 2	Bhásaign 6	Bhásaign 1	Bhásaign 2	Bhásaign 2	Bhásaign 3	Bhásaign 4	Bhásaign 8	Bhásaign 1
Mótabhbád (le Deic)	Gortaiodh 2	Bhásaign 2	Bhásaign 2			Gortaiodh 1			Bhásaign 5 / Gortaiodh 1	
Mótarbhád Mear/BDI		Gortaiodh 1							Bhásaign 2	Bhásaign 1
Fo-iomláin	Bhásaign 1/ Gortaiodh 2	Bhásaign 5/ Gortaiodh 1	Bhásaign 8/ Gortaiodh 1	Bhásaign 3	Bhásaign 3	Bhásaign 3/ Gortaiodh 1	Bhásaign 4	Bhásaign 5	Bhásaign 15/ Gortaiodh 1	Bhásaign 2


iomlán na dTeagmhas	8	17	15	11	12	16	10	6	18	13
iomlán na mBásanna	7	12	14	8	10	17	9	6	18	7
iomlán na nGortuithe	2	2	2	0	0	2	Náid	Náid	2	0
Líon iomlán na nÁrthach i gceist	9	18	17	11	14	20*	10	6	20	12**

*Fágtaar as an áireamh san fhigíúr sin an teagmhas ag Gealcta Bád Dhún Laoghaire in 2007 a bhain le 115 bád beag, báidíní calaidd agus BDInna


**Fágtaar as an áireamh san fhigíúr sin an teagmhas ag Ceann an Chloichir a bhain le go leor cadhaceanna agus páistí

Treoghluaiseacht na mBásanna 2011-2012


Longa/Báid Phaisinéara




Longa Lasta



Árthaigh lascaigh



Árthach Áineasa



Ráitis Airgeadais 2011



Marine Casualty Investigation Board
Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011

Clár Ábhair

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí	19
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	20
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	21
Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáiochta	23
Cuntas loncaim agus Caiteachais	24
Clár Comhardaithe	25
Nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2011	26
Cruinnithe Boird	28

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a lmscrúdú), 2000 go gcoinneoidh an Bord i cibé foirm a cheadóidh an tAire lompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Airgeadais, cuntasí chuí agus ghnáthacha ar an airgead uile a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé. Le linn don Bhord na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear air:

1. Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
2. Breithiúnais agus measúnuithe a dhéanamh atá réasúnta agus crionna.
3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeán chuntasáíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochta agus míniithe sna ráitis airgeadais.
4. Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé michuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntas a choinneáil ina bhfuil nochta go réasúnta cruinn staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntíú go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhlíontas Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a lmscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
14 Bealtaine 2012

Helen Conway
Rúnaí
14 Bealtaine 2012

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

Freagrácht as an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Admhaím thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil freagrácht orainn a chinntíú go gcoinneofar agus go bhfeidhmeofar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach.

Is féidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach cinnteacht réasúnta a sholáthar ach ní féidir leis cinnteacht iomlán a sholáthar go mbeidh sócmhainní cumhdaithe, go mbeidh idirbhearta údaraithe agus taifid déanta orthu mar is cuí agus go gcoiscfear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí nó go mbraithfear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Gnásanna Rialaithe Tábhachtacha

Seo a leanas na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:

- Bhí na hiocaíochtaí uile (cé is moite de thuarastail foirme*) údaraithe ag ar a laghad dhá chomhaltaí den Bhord.
- D'údarraig comhalta eile den Bhord gach éileamh ar thaistil agus ar chothabháil agus dheimhnigh an Rúnaíocht iad le haghaidh íocaíochta.
- Tá Cód lompair i dtaca le Gnó ann do chomhaltaí Boird agus don fhoireann.
- Cuireann an Rúnaíocht staid reatha airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí in iúl dó ag gach cruinníú den Bhord.

D'aistrigh Roinn tuismitheora an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí trí chinneadh Rialtais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Fuarhas maolú ar an gceangal in Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Cód Cleachtais um Rialú Comhlacthaí Stáit ón Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí líul 2011.

Athbhreithniú Blantúil ar Rialuithe

Dearbhaím leis seo go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach maidir leis an m bliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Sínithe thar ceann an Bhoird



John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
14th Bealtaine 2012

*Nóta: Buanfhoireann beirte a tháinig ar iasacht ón Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht an BITM.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire

Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht Loingsí Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Cuimsítear sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach ansin an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas loncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na notaí lena mbaineann. Tá an creat tuariscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn an ullmhúcháin ina dhlí infheidhme agus is é an Gnáthchleachtas Inghlactha Cuntasáíochta in Éirinn é.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntí go dtugann siad léargas fiorcheart ar staid chúrsaí an Bhoird, ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as tráthrialtacht na n-idirbheart a chinntí.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí infheidhme.

Déanaim an t-iniúchadh faoi threoir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena riad agus lena n-oibriú.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúla d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus leis an nochtadh sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun cinnteacht réasúnta a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha cibé acu calaois nó earráid is cús leis. Mar chuid den obair sin déantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach d'imhosca an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus ar nochtadh go leordhóthanach iad nó nár nochtadh.

- a réasúnta is atá na meastacháin shuntasacha chuntasáíochta a rinneadh le linn ullmhúchán na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais tríid is tríid.

Bím ag iaraidh fianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais a fháil freisin i gcúrsa an iniúchta.

Ina theannta sin léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile sa tuarascáil bhliantúil d'fhonn neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shonrú. Má thugaim faoi deara go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréir ábhartha ann atá soiléir déanaim meas ar na himpleachtaí a bheidh acu maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir Gnáthchleachtas Inghlactha Chuntasáíochta in Éirinn léargas fiorcheart ar staid chúrsaí an Bhoird ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ag deireadh na bliana dar chríoch an dáta sin

Tá mé den tuairim go raibh leabhair chuí chuntas á gcoinneáil ag an mBord. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntas.

Cúrsaí a thuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht más ea

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh an iniúchta faigte agam, nó
- gur tugadh faoi deara le linn an iniúchta aon teagmhas ábhartha nár baineadh úsáid as airgead chun na críocha a bhí ceaptha dó nó nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain ar ullmháiodh na ráitis airgeadais lena haghaidh comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlacthaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord, nó
- go bhfaighidh mé amach go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an modh ar seoladh gnó poiblí.

Ní bheidh aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí a thuairiscítear trí eisceacht.



Andrew Harkness
Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
17th Bealtaine 2012

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáiochta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Chuaigh an Bord i mbun feidhme den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirméalta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúduithe neamhspleácha ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn na tuarascálacha is toradh orthu.

2. Bunús Cuntasáiochta

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire lompair, Turasóireacht agus Spóirt le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Uillmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe cé is moite dá bhfuil sonraithe thíos agus i gcomhréir le gnáthchleachtas inghlactha cuntasáiochta. Glactar na Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais atá molta ag an mBord um Chaighdeán Chuntasáiochta de réir mar a thagann siad in éifeacht.

3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí suas go 31 Nollaig 2011.

4. Deontais Oireachtas

Is ionann an ioncam ó Dheontais Oireachtas agus na fáiltais airgid iarbhír in aghaidh na bliana ón Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt maille leis na híocaíochtaí a rinne an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt thar ceanna fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

5. Sócmhainní seasta agus Luachlaghdú

Léirítear Sócmhainní Seasta ar a gcostas. Léirítear luachlaghdú de réir méid chothroim mar a leanas: Trealamh Oifige: 5 bliana.

6. Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

7. Aoisliúntas

Tá foireann Roinne* a thagann ar iasachta chun gníomhú mar Rúnaíocht don BITM clúdaithe ag socruithe pinsin na Roinne ábhartha.

*Nóta: Buanfhoireann beirte a tháinig ar iasachta ón Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i Rúnaíocht an BITM.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2011

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2011

	Nótaí	€	€
	BLAÍN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2011	BLAÍN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2010	
Ioncam			
Deontais Oireachtas	196,798	167,570	
Aistriú ó Chuntas Caipitil	-	776	
	196,798	168,346	
Caiteachas			
Tuarastail Foirne	65,489	91,739	
Táillí Comhaltaí Boird	18,221	17,333	
Priontáil, Post agus Stáiseanóireacht	21,241	21,529	
Obair Choathabhála ar Shuíomh Idirlín	620	2,653	
Caiteachas ar Imscrúduithe Taismí	50,901	14,732	
Taisteal & Cothabháil – Comhaltaí Boird	3,122	2,574	
Taisteal & Cothabháil Eile	506	13	
Táillí Dlíthíúla & Gairmiúla	3,398	-	
Cuntasáiocht	4,828	4,719	
Táillí Iníúchta	2,500	2,500	
Muirir Bhainc	64	49	
Luachlaghdú	-	776	
Caiteachas Ilchineálach	105	452	
	170,995	159,069	
 Farasbarr don Bhliain			
(Easnamh)/Farasbarr Carntha 1 Eanáir	25,803	9,277	
Farasbarr Carntha 31 Nollaig	3,996	(5,281)	
	29,799	3,996	

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáiochta agus nótaí 1 go 12.

John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
14 Bealtaine 2012

Helen Conway
Rúnaí
14 Bealtaine 2012

Clár Comhardaithe 2011

Mar atá ar 31 Nollaig 2011

	31 Nollaig 2011	31 Nollaig 2010
	Nótaí	€
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní Inláimhsithe	2	-
Sócmhainní Reatha		
Fiachóirí	227	227
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	3	58,349
	58,576	29,544
Creidiúnaithe – Méideanna atá dlite laistigh de bhliaín amháin		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	4	(28,777)
Sócmhainní Glana Reatha		
Sócmhainní Iomlána lúide Dhliteanais Reatha	29,799	3,996
Caipiteal agus Cúlchistí		
Cuntas Caipilí	-	-
Cuntas loncaim & Caiteachais	29,799	3,996
	29,799	3,996

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas faoi pholasaithe cuntasáiochta agus nótaí 1 go 12.

John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
14 Bealtaine 2012

H. Conway
Rúnaí
14 Bealtaine 2012

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

Nóta 1. Imscrúduithe Cónascadh & Gnóthas Leantach

Fógraíodh an 14 Deireadh Fómhair 2008 go gcónascfaí feidhmeanna an Bhoird Imscrídú Taismí Muirí (BITM) le feidhmeanna an Aonaid um Imscrídú Aerthionóiscí (AIAT) agus le feidhmeanna an Aonaid Imscrúdaithe Timpiste larnróid (AITI) chun comhlacht nua a fhoirmiú a bheadh freagrach as imscrúduithe ar thimpistí aeir, muirí agus iarnróid.

I rith na bliana 2011 bhí BITM, AIAT agus AITI comhshuite ar bhonn riarracháin in aon sraith oifigí amháin. De bhí go mbeidh sócmhainní, dliteanais, agus feidhm an Bhoird Imscrídú Taismí Muirí á n-aistriú go dtí an comhlacht nua, meastar é bheith iomchuí na cuntas a ullmhú i gcónaí ar bhonn Gnóthas Leantach.

	2011	2010
Nóta 2. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifice	€	€
Costas		
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	3,884	3,884
Breiseanna	-	-
Diúscairtí	-	-
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na tréimhse	<u>3,884</u>	<u>3,884</u>
Luachlaghdú		
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	3,884	3,107
Diúscairtí	-	-
Muirear don Tréimhse	-	777
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na tréimhse	<u>3,884</u>	<u>3,884</u>
lánluach Leabhair		
Ag deireadh na tréimhse	<u>-</u>	<u>-</u>
Nóta 3. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		
Cuntas Reatha	<u>58,349</u>	<u>29,317</u>
Nóta 4. Creidiúnaithe - Méideanna atá dlite laistigh d'Aon Blхиain Amháin		
Caiteachas Fabhraithe	<u>28,777</u>	<u>25,548</u>
Nóta 5. Táillí Gairmiúla		

Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích i rith na bliana 2010 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur i dtoll a chéile – aontaíodh scála táillí maidir le cur i gcrích gach imscrídú. Sna blianta a chuaigh roimhe níor iocadh aon táillí maidir le himscrídú ar thaismí muirí a chuir an Oifig Suirbhéireachta Muirí de chuid na Roinne lompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcrích.

In 2011 cuireadh túis le 10 n-imscrídú ach ní raibh aon cheann acu críochnaithe faoi dheireadh na bliana. D'fhéadfadh sé go gcosnóidh an obair sin €36,900.

Nóta 6. Fostaithe agus Aoisliúntas

Níl aon duine fostaithe ag an mBord. Tá buanfhoireann beirte sa Rúnaíocht atá curtha ar fáil ag an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn ó leithroinnt deontais an Bhoird.

Nóta 7. Táillí Comhaltaí Boird

Íocadh táillí de €18,221 ina n-iomláine leis an triúr comhaltaí seachtracha den Bhord i 2010; fuair an Cathaoirleach John G. O'Donnell €7,809 (2010 - €7,429) agus fuair Thomas R. Power agus Sinead Brett €5,206 (2010 - €4,952) an duine. Íocadh na táillí uile glan ó Cháin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla ag 20%. Ní fhagheann ceapaithe ex-officio agus Roinne aon íocaíocht as bheith ina gcomhaltaí den Bhord.

Nóta 8. Taisteal Comhaltaí Boird

Íocadh táillí taistil de €3,122 ina n-iomláine le beirt chomhaltaí sheachtracha den Bhord in 2011 i ndáil le freastal a rinneadar ar an 9 gcruiinní den Bhord in 2011; fuair an Cathaoirleach John G. O'Donnell €2,698 (2010 - €2,078) agus fuair Sinead Brett €424 (2010 - €496). Íocadh an caiteachas uile de réir Rátaí Taistil na Státseirbhise.

Nóta 9. Costais Oibríochtúla

Maoíníonn an Bord a chostais oibríochtúla féin cé is moite de chostais na seirbhísí a leanas a chuireann an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil saor in aisce:

- Teileafón & Faics
- Stáiseanóireacht,
- Glantachán,
- Caiteachas eile oifige ar a n-áirítear soilsiú agus téamh.

Cuireann an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht ar fáil don Bhord saor in aisce in áitreabhadh na Roinne i Lána Liosain, Baile Átha Cliath 2.

Nóta 10. Cáin

I gcomhréir le hAit 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon chán agus ní éilítear aon chán a bheith curtha san áireamh sna ráitis airgeadais.

Nóta 11. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí Boird uile i gcomhréir le haitl 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Nóta 12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 14 Bealtaine 2012.

Cruinnithe Boird

Bíonn cruinnithe Boird ann ar bhonn tráthrialta chun an oibríocht a athbhreithniú. Seo a leanas méid na gcruiinnithe Boird ar ar fhreastal gach duine de na Comhaltaí Boird in 2011:

John G. O'Donnell B.L	9
Tom Power	9
Sinead Brett	6
Brian Hogan	9
Jurgen Whyte	10



Marine Casualty Investigation Board
Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 Teileafón: 01 - 6783485/86. Faics: 01 - 6783493. www.mcib.ie